Smeach an Chairt

Cruthaigh smeach-chairt don chlár bhán idirghníomhach ar thopaic a bhfuil tú ag déanamh staidéir uirthi. Tá an smeach-chairt ann le cuidiú a thabhairt do dhaltaí i rang nó i scoil eile agus iad ag foghlaim faoi do thopaic.



Amharc ar smeach-chairteacha eile a úsáidtear sa scoil agus, mar chuid de ghrúpa, labhair ar na rudaí maithe agus na rudaí olca a bhaineann leo. Tabhair aird ar leith ar na gníomhaíochtaí idirghníomhacha.

Pleanáil cad é a chuirfidh tú ar gach leathanach de do smeach-chairt, ag cuimhneamh ar aois na bpáistí a bheidh ag baint úsáide aisti. Cuardaigh an tIdirlíon, CD-ROManna nó foinsí eile le heolas agus grafaicí a aimsiú is féidir a chur isteach. Roghnaigh teideal do do smeach-chairt agus déan cinneadh ar na cuspóirí foghlama do na daltaí a bhainfidh úsáid aisti.

Smeach an Chairt

Déan cinneadh ar an chineál de ghníomhaíocht idirghníomhach a chruthóidh tú.



Anois cruthaigh gach leathanach den smeach-chairt.

Nuair a bhíonn an smeach-chairt críochnaithe agat, cuir ar siúl í le feiceáil an féidir feabhsuithe ar bith a dhéanamh. Taispeáin do dhuine eile í agus iarr moltaí chun í a fheabhsú.

Sábháil do chuid oibre agus cuir ainm comhaid chuí uirthi.